

# Teicneolaíocht an Adhmaid



Nuachtlitir JCT4 Earrach 2021


## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun **spreadadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt** do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.



## Pleanálaí Digiteach Excel

D'fhorbair foireann Jct4 acmhainn phleanála a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí ar fud shraith na n-ábhar Teicneolaíochta sa tSraith Shóisearach. Tabharfaidh an Pleanálaí Digiteach Excel deis do mhúinteoirí an phleanáil a ghabháil atá ag teastáil do ghrúpa ranga thar a dtrí bliana den tSraith Shóisearach. Cuireann sé níos mó feidhmiúlachta ar fáil maidir le taifead a choimeád ar a oiread deiseanna a bhí ag scoláirí a bheith ag foghlaim, laistigh de thorthaí foghlama, ar fud na dtrí shnáithe agus na gceithre ghné den tsonraíocht don Teicneolaíocht Adhmaid. Is féidir an Pleanálaí Digiteach Excel do Theicneolaíocht Adhmaid, bileog eolais a ghabhann leis agus fisghabháil scáileáin teagaisc ar ghnéithe úsáideacha a fháil sa rannán Pleanála den rannóg Teicneolaíocht Adhmaid ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie) nó trí chliceáil ar an íomhá thíos




## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an Earraigh de nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid Jct4. Go dtí seo i mbliana, chuaigh muid i dteagmháil le níos mó ná 400 múinteoir Teicneolaíocht Adhmaid trí cheardlanna cnuasaigh FGL ar líne. Leanfaidh na ceardlanna cnuasaigh ar líne seo ar aghaidh go dtí an 25 Márta. Is féidir teacht ar na hábhair/ faisnéis FGL ónár gceardlanna FGL 2020/2021 [anseo](http://anseo). Más mian leat féachaint ar aon eolas ó cheardlanna FGL 2019/2020, is féidir leat rochtain a fháil air [anseo](http://anseo).

## Treoirlínte Nuashonraithe do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Rinne an CNCM na Treoirlínte do mheasúnuithe seomra ranga sa Teicneolaíocht Adhmaid a nuashonrú ionas gur léir na hathbhreithnithe ar ghnéithe cáilíochta MRB 1 (Eolaíocht Adhmaid inár dTimpeallacht) agus MRB 2 (Féinanailís agus Meastóireacht do scoláirí). Tugadh teideal eile freisin ar lionsaí MRB 2 mar seo a leanas:

- 1. Féin-anailís ar eilimintí den obair chúrsa**
- 2. Breithiúnais a dhéanamh**
- 3. A Measúnú Rangbhunaithe a Chur in Iúl**




Chun na treoirlínte athbhreithnithe a fheiceáil, cliceáil [anseo](http://anseo). D'oibrigh an CNCM i gcomhar le scoileanna chun roinnt eiseamláirí de shaothar scoláirí a chruthú maidir le MRB 1 atá ar fáil anois le breathnú orthu ar [curriculumonline.ie](http://curriculumonline.ie). B'fhiú do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt de na heiseamláirí anótáilte de chuid an CNCM sula mbronnfaidh siad tuairiscíní ar obair a gcuid scoláirí féin. Is féidir breathnú ar an saothar scoláirí sin trí chliceáil [anseo](http://anseo).

## Scoláirí ag plé le Foghlaim ón mBaile

D'fhorbair foireann Theicneolaíocht Adhmaid Jct4 sraith d'acmhainní feideartha agus de ghníomhaíochtaí gaolmhara scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise agat agus foghlaim ón mbaile ar siúl mar atá faoi láthair. Níl sna gníomhaíochtaí seo ach moltaí maidir le roinnt tascanna féideartha a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh. **#Jct4Tuesdays** Is cineál eile de chruthú acmhainne é seo a forbraíodh chun cabhrú le múinteoirí ar an aimsir seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Is teicneolaíochtaí digiteacha / ar líne iad seo agus láithreáin ghréasáin úsáideacha a bhféadfá féin agus do chuid scoláirí suim a chur iontu agus sibh ag leanúint den rannpháirtíocht leis an tsraith ábhair Theicneolaíochta sa tSraith Shóisearach. Déantar na hacmhainní seo a óstáil ar ár láithreán gréasáin faoi Acmhainní sa rannóg Teicneolaíochtaí de [www.jct.ie](http://www.jct.ie) agus eisíodh iad gach Máirt trínár gcuntas Twitter [@Jct4ed](https://twitter.com/Jct4ed) leis an haischlib **#Jct4Tuesdays**

## Mo Thuras Dul Chun Cinn Scileanna

Forbraíodh an Turas Dul Chun Cinn Scileanna mar threoir / cur chuige do mhúinteoirí agus do scoláirí chun cultúr machnaimh ar foghlaim agus ar fhorbairt scileanna meastóireachta a chur chun cinn. Is féidir le scoláirí an acmhainn a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn i rith a dTuras Fhoghlama sa Teicneolaíocht Adhmaid. Tugann sé treoir dóibh agus moltar cuir chuige chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus a gcuid machnaimh a thairfeadh. Clíceáil ar an íomhá thíos chun an acmhainn seo a fheiceáil agus a íoslódáil



### Fan suas chun dáta leis an bhfoireann Teicneolaíocht Adhmaid

Tabhair cuairt ar an rannán Teicneolaíocht Adhmaid de [www.jct.ie](http://www.jct.ie) áit a bhfaighidh tú ár n-acmhainní agus an t-ábhar go léir a úsáideadh le linn laethanta [2018/2019](#), [2019/2020](#), [2020/2021](#) agus an t-ábhar a bhain leis an **seimineár gréasáin**. Tá acmhainní breise á bhforbairt agus déantar iad a uaslódáil anseo in am trátha. Cláraigh ar ár liosta seoltaí anseo chun fanacht ar an eolas faoi gach ceann de na hábhair JCT4. Lean muid ar twitter:

[@ICT4ed](https://twitter.com/ICT4ed) 

## Seimineáir Ghréasáin


Chraol foireann Theicneolaíochta Adhmaid JCT4 dhá sheimineár gréasáin sa téarma deireanach:

### 1. Eolaíocht Adhmaid inár gComhshaoil (MRB 1)

Thug an seimineár gréasáin seo forbhreathnú ar amlínte do MRB 1 agus scrúdaíonn sé conas is féidir le múinteoirí cabhrú le foghlaim na scoláirí roimh agus le linn an MRB. Phléigh painéal múinteoirí a gcuid chuige sa seomra ranga chun scoláirí a ullmhú do MRB 1 chomh maith le cuid de shaothar a gcuid scoláirí a thaispeáint agus a phlé. Is féidir taifeadh an tseimineáir ghréasáin a fheiceáil trí chliceáil [anseo](#)

### 2. Maircíneacht – Spléachadh tríd an bhfuinneog'

Sa seimineár gréasáin seo, rinne muid iniúchadh ar cheird na maircíneachtale fócas ar modh na fuinneoige. Dhírigh muid freisin ar conas is féidir taithí a fháil ar cheird na maircíneachta ag baint úsáid as cur chuige comhtháite, ag fáil léargas ar veinír a roghnú, modhanna aistrithe dearaidh, trealamh bunúsach, ábhar a ullmhú, teicníc ghearrtha agus cóimeáil. Is féidir taifeadh an tseimineáir ghréasáin a fheiceáil trí chliceáil [anseo](#)



## Teicneolaíocht Adhmaid sa nuacht!

Bímid i gcónaí ag faire amach le haghaidh ailt nuachta, fiseáin agus láithreáin ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise ag scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an Teicneolaíocht Adhmaid. D'fhéadfadh na naisc thíos scoláirí a spreagadh i gceann roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

**1.11 na tionchair chomhshaoil a bhaineann le húsáid adhmaid mar acmhainn nádúrtha agus in-athnuaite a iniúchadh**

<https://www.agriland.ie/farming-news/new-carbon-sequestration-calculating-tool-launched/>

**2.4 príomhphrionsabail an dearaidh agus na heirgeanamaíochta a thuiscint**

**3.8 úsáid a bhaint as aeistéitíc agus airíonna nádúrtha adhmaid chun cuma agus feidhm déantáin a fheabhsú**

<https://youtu.be/v-8cFO0t4VA>

**2.1 fadhbanna dearaidh a fhiosrú**

[https://youtu.be/IZHeFCdW6\\_Y](https://youtu.be/IZHeFCdW6_Y)

Ba mhaith leis an bhfoireann Theicneolaíochta Adhmaid gach rath a ghuí ort agus táimid ag tnúth le bheith ag leanúint ag obair leat i rith na bliana acadúla seo.

Le dea-mhéin

Foireann Theicneolaíochta Adhmaid JCT4

